

Polasaí do Chosaint Leanáí

Réasúnaíocht

Cuireadh an polasaí seo le chéile mar, dé réir an dlí caithfidh polasaí cosaint leanáí a bheith leagtha amach ag gach scoil. Taispeánann sé go dtuigeann an Bord Bainistíocht agus foireann na scoile an tábhacht atá le cosaint leanáí. Go mbeidh a fhios againn cad iad na céimeanna le glacadh má tharlaíonn eachtra sa scoil nó má thagann páiste againn ag inse faoi eachtra a tharla taobh amuigh de scoil.

Meon na Scoile

Sé chothromaíocht do gach uile pháiste ár meon sa scoil seo agus go n-éireoidh leo go geal in atmaisféar a mhothaíonn sábháilte don pháiste.

Aidhmeanna

- Go mbeidh a fhios ag an Bhord Bainistíocht agus foireann na scoile, sé sin, múinteoirí, cúntóirí, srl. cad iad na céimeanna le glacadh dá dtiocfadh páiste acu ag nochtadh eolais faoi eachtra a tharla dóibh sa scoil nó taobh amuigh den scoil.
- Gur mothaíodh na páistí go dtig leo labhairt le duine d'fhoireann na scoile má bhíonn rud éigin ag cur isteach orthu agus cuidiú de dhíth orthu.
- Go bhfaigheadh foireann na scoile tuilleadh eolas faoi na comharthaí le amharc amach fá choinne i bpáiste a bhfuil rud éigin ag cur isteach orthu agus cén dóigh le déileáil leis.

Treoirínite

1.0 Duine Caidrimh Ainmnithe a cheapadh

- Tá An Máistir Ó Ruiséil ceaptha ag an Bhord Bainistíocht mar **Dhuine Caidrimh Ainmnithe**.
- Tá Máistreás Eibhlín Mhic Giolla Bhríde ceaptha mar **Leas Dhuine Caidrimh Ainmnithe (Máistreás Gráinne Nic Suibhne** muna bhfuil Máistir Ó Ruiséil le fáil.
- Beidh na daoine seo ceaptha ó Mheán Fómhair 2016 ar aghaidh. Beidh na daoine seo ceaptha ar feadh 4 bliana. Beidh an t-eolas seo le tabhairt chuig an Bhord Bainistíochta.

2.0 Feidhmeanna agus Freagracht

2.1 Ról an Bord Bainistíocht

An príomh fhreagracht atá ag an Bhord Bainistíocht nó a ndaltaí a chosaint.

Is iad seo a leanas na freagrachtaí atá ag an Bhord Bainistíocht:

- (i) Céimeanna soiléir a bheith leagtha amach a gcaithfidh múinteoirí agus foireann na scoile uilig cloí leo má tá siad amhrasach nó má nochtann páiste eolas a thabharfadh le fios gur bhféidir go bhfuil sé/sí i mbaoil mhí-úsáid leanaí.
- (ii) Baill sinsearach den fhoireann a cheapadh a bheadh freagrach as cosaint leanaí. I gcás bunscoile is é/í an phríomhoide a bheadh na dualgaisí seo air/uirthi. Tá sé mar dhualgas ar an phríomhoide cinntiú go leanfar na céimeanna cuí do thuairisciú sa dóigh is go ndéanfar cásanna amhrasach de mí-úsáid leanaí a sheoladh láithreach chuig an Bhord Sláinte áitiúil nó chuig an Gharda Síochána.
- (iii) An polasaí a chur ar fáil d'fhoireann na scoile agus do Choiste na dTuismitheoirí.
- (iv) Súil a choinneáil ar dhul chun cinn páiste a mheastar go bhfuil siad i gcontúirt.
- (v) Cuir le cosc mí-úsáid leanaí trí soláthar an curaclam.
- (vi) Traenáil in-sheirbhíseach do mhúinteoirí agus baill den Bhord Bainistíocht a chur chun cinn agus a chinntiú go bhfuil eolas maith acu ar ceisteanna agus céimeanna a bhaineann le cosaint leanaí.

- (vii) Go mbeidh céimeanna soiléir scríofa síos acu a bhaineann le cad iad na céimeanna a ghlactar má dhéantar líomhain (allegation) ar cheann d' fhoireann na scoile.

Ag déileáil le líomhain mí-úsáid leanaí in aghaidh fostaí scoile

Is é Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta atá freagrach as déileáil le seo:

Nuair a fhaigheann an Cathaoirleach amach faoi líomhain mí-úsáid in aghaidh fostaí scoile, ba chóir don Cathaoirleach eolas a thabhairt don fhostaí go príobháideach faoi na nithe seo:

- (i) gurbh amhlaidh go bhfuil líomhain déanta ina (h)aghaidh.
- (ii) nádúr na líomhna.
- (iii) cé acu an bhfuil tuairisc faoin ngnó tugtha ag an Duine Caidrimh Ainmnithe don Bhord Sláinte cuí nó nach bhfuil.

- Ba chóir den líomhain scríofa nó aon doiciméadú ábhartha eile a thabhairt don fhostaí. Ba chóir iarraidh ar an bhfostaí freagra ar an líomhain a thabhairt i scríbhinn don Bhord Bainistíocht faoi cheann aimsire a luaitear. Ba chóir a insint don fhostaí go gcaithfí an míniú a thabharfadh sé/sí don Bhord Bainistíocht a thabhairt don Bhord Sláinte ina dhiaidh sin fosta.

- Ag an gcéim seo, ba chóir a mheabhrú gurb é an rud is tábhachtach nach gcuirtear aon pháiste i gcontúirt gan riachtanais. Ba chóir do Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta aon ghníomh cosanta atá riachtanach a dhéanamh go práinneach. Ba chóir na gníomhartha seo a bheith i gcomhréir leis an chontúirt atá siad ann agus níor chóir go gcuirfidís pionós míréasúnta ar an bhfostaí, ó thaobh airgid nó ar mhodh eile, mura gá é chun páistí a chosaint.

- Más é tuairim an Chathaoirligh go n-éilíonn líomhain gníomhú láithreach, ba chóir don Chathaoirleach, thar ceann an Bhoird Bhainistíochta, a ordú don fhostaí fanacht as láthair ón scoil láithreach bonn. Muna bhfuil an Cathaoirleach cinnte go n-éilíonn nádúr na líomhaintí asláithreach an fhostaí ón scoil fad a bhíonn an gnó a iniúchadh, ba chóir dó dul i gcomhairle leis an mBainisteoir um Chúram Leanaí sa Bhord Sláinte áitiúil agus/nó leis an Gharda Síochána chun comhairle a fháil faoin ghníomhú a mheasfadh na húdaráis seo a bheith riachtanach. I ndiaidh na gcomhairlí seo, ba chóir don Chathaoirleach aird chuí a thabhairt ar an gcomhairle a bhíonn faighte aige.

Mheasfaí aon asláithreach fostaí mar chead scoir riarthach le pá agus ní mar fhionraíocht. Ní thabharfadh cead scoir dá leithéid le tuiscint go raibh an fostaí scoile ciontach ar aon mhodh. Má théitear i muinín cead scoir dá leithéid, ba chóir teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Oideachas agus Eolaíocht maidir le (a) ceadú foirmiúil do chead scoir ar phá an fhostaí, (b) cead na Roinne chun ionadaí a fhostú.

2.2 Ról Foireann Scoile

Tá sé tábhachtach go ndéanfaidh foireann na scoile, sé sin, na múinteoirí agus cúntóirí, cinnte go bhfuil socruithe déanta chun páistí a chosaint. Caithfidh siad na treoirlínte atá leagtha amach i gcaibidil 3, 4 agus aguisín 1 de Children First a léamh.

Ag déileáil le heolas a nochtann páiste

Is cinnte go mbeadh páiste a mí-úsáideadh faoi strus mothúchánach agus gur b'fhéidir gurbh é/í ball de fhoireann an t-aon duine fásta a mbeadh sé/sí sásta iontaoibh a chur ann/inti. Ba chóir a bheith an-chúramach gan aon dochar a dhéanamh don iontaoibh sin.

Seo a leanas an chomhairle a thairiscint do phearsanra scoile a nochtann páistí eolas faoi mhí-úsáid dóibh:

- Éist leis an bpáiste.
- Ná cuir treoircheistanna ar an bpáiste agus ná déan moltaí.
- Cuir an páiste ar a s(h)uaimhneas ach ná tabhair aon ghealltanas dó/di.
- Ná cuir bac ar pháiste agus é/í ag cuimhniú ar eachtraí suntasacha.
- Ná lig don scéal dul i bhfeidhm ort as cuimse.
- Mínigh dó/di go mb'fhéidir go gcaithfear tuilleadh cuidiú a lorg.
- Déan an díospóireacht a chlárú go cruinn agus coinnigh an taifead.
- Ba chóir an t-eolas seo a chur in iúl don Duine Caidrimh Ainmnithe ansin. Ba chóir taifead na díospóireachta a thabhairt don Duine Caidrimh Ainmnithe lena chois.

Ag aithint comharthaí mí-úsáid féideartha

Ba chóir do mhúinteoirí agus foireann eile na scoile iad féin a dhéanamh eolach ar ábhar Caibidil a Trí agus Aguisín a hAon de Threoirlínte Children First, a dhéanann cur síos ar comharthaí mí-úsáid féideartha. Níor chóir comhartha amháin a ghlacadh mar fhianaise go bhfuil mí-úsáid leanaí i gceist. Ba chóir do phearsanra scoile tagairt a dhéanamh do leabhar Children First má tá siad inmíoch. Bá chóir leo labhairt ansin leis an Duine Caidreamh Ainmnithe.

Dé réir treoirlínte Children First bá chóir scéala a thabhairt i gcónaí do bhord sláinte áit a mbíonn amhras réasúnta ar dhuine nó ábhar inmí réasúnta aige/aice gur mí-úsáideadh páiste nó go bhfuil sé/sí a m(h)í-úsáid nó go bhfuil sé/sí i mbaol mí-úsáide. Is é/í an Duine Caidreamh Ainmnithe a dhéanann teagmháil leis an Bhord Sláinte.

Luaitear na heiseamláirí seo mar chinn a bheadh ina ábhair inmí réasúnta:

- Eolas sainiúil ón bpáiste gur mí-úsáideadh é/í.
- Cuntas ó dhuine a chonaic an páiste a m(h)í-úsáid.
- Fianaise, mar ghortú nó iompar, atá ag teacht le mí-úsáid agus le míniú neamhchiontach chomh maith. Ach ina bhfuil comharthaí comhthacaíochta ag baint leis a threisiónn an inmí gur cás mí-úsáid é – e.g. patrún gortaithe, míniú dochreidte, comharthaí eile mí-úsáid, srl.
- Fianaise chomhsheasmhach thar thréimhse ama go bhfuil neamart mothúchánach nó fisiceach á dhéanamh sa pháiste.

2.3 Ról an Duine Caidreamh Ainmnithe

Is é ról atá ag an Duine Caidreamh Ainmnithe nó tuairisc a scríobh faoin eolas a tugadh dóibh faoi mí-úsáid leanaí. An t-eolas seo a chur ar aghaidh chuig an Bhord Sláinte áitiúla. Muna féidir teagmháil a dhéanamh leis an Bhord caithfidh sé/sí teagmháil a dhéanamh leis An Garda Síochána. Tá sé mar dhualgas ar an Duine Caidreamh Ainmnithe, Bord Bainistíochta na Scoile a chur ar an eolas faoi theagmháil ar bith a rinneadh leis an Bhord Sláinte/Gardaí. Caithfear an t-eolas seo a chur i miontuairiscí cruinniú an Bord Bainistíochta.

Seirbhísí Sóisialta Leanaí agus Teaghlaigh FSS

An Roinn Oibre Shóisialta, Leitir Ceanainn 074 9123672
074 9123770

Community Care Area

Beallach Féich 074 9131391
Leitir Ceanainn 087 2488181
074 9122322

Garda Síochána

An Bun Beag 074 9531333

Coinneoidh an Duine Caidreamh Ainmnithe na tuairiscí agus an t-eolas uilig i fillteán sa scoil.

Céimeanna do Duine Caidreamh Ainmnithe

Nuair a chuirtear an Duine Caidreamh Ainmnithe ar an eolas faoi mí-úsáid féideartha leanaí caithfidh sé/sí:

- Dul i dteagmháil leis an Bhord Sláinte agus déanfar é a thuairisciú.
- Cuirfidh sé/sí in iúl do Chathaoirleach an Bord Bainistíochta go bhfuil tuairisc curtha i láthair an Bhoird Sláinte.

3.0 Comhdhála um Chaomhnú Páistí

Má chuireann an Bord Sláinte iarratas chuig an Duine Caidreamh Ainmnithe ag iarraidh go mbeadh fostaí scoile i láthair ag Comhdháil um Chosaint Páistí ba chóir go rachadh an Duine Caidreamh Ainmnithe i gcomhair le Cathaoirleach an Bord Bainistíochta. Is féidir leis an Chathaoirleach fáil amach ón Bhord Sláinte cad chuige a bhfuil gá le seo. Íocfaidh an Roinn Oideachas (nuair a fhaigheann siad litir ón Bhord Sláinte) d'ionadaí agus costais.

- Dá gnáth dhéanfaidh duine a bheadh ag freastal ar Chomhdháil um Chaomhnú Páistí tuairisc a sholáthar don chomhdháil.
- Tá sé de cheart ag fostaí na scoile labhairt le Cathaoirleach an Chomhdháil um Chaomhnú Páistí roimh ré le treoir a fháil má tá inní orthu a bheith i láthair i gcuideachta na tuismitheoirí.
- Déanfaidh an chomhdháil moltaí agus gníomhaíochtaí a leagan amach do phleanáil don pháiste agus don teaghlach sa toadhcháil.
- Tá sé mar dhualgas ar an fhostaí scoile má iarrtar orthu súil níos géire a choinneáil ar iompar an pháiste, m.sh. breathnú ar idirghníomhú le piaraí, dul chun cinn ar scoil, srl.

4.0 Impleachtaí Riaracháin

Feitheoireacht

Le cinntiú go mbeidh na páistí sábháilte go fisiciúil agus go corraitheach beidh múinteoir i gcónaí ag feitheoireacht sa rang agus sa chlos. Má bhíonn ar an múinteoir an seomra ranga a fhágáil ar feadh tamall gairid, tá rialacha iompar leagtha amach sa rang. Beidh múinteoir i gcónaí i láthair má thagann oiliúnóir na scoile le h-oibriú leis na páistí. Déanfar cinnte go bhfuil a fhios ag an oiliúnóir gur an múinteoir a chaithfidh déileáil le páiste atá mí-mhúinte.

5. Impleachtaí Curaclam

Múinfeadh ceachtanna do na páistí chun sábháilteacht agus féinmheas a fhóbairet fríd na cláranna atá leagtha amach sa churaclam – OSPS, Fán Sábháilte, OCG srl.

6. Polasaithe scoile a bhfuil ceangail acu le Polasaí Cosaint Leanaí

- Cod Iompar
- Frith – Bulaíocht
- Tinrimh
- Oideachas Caidrimh agus Gnéasacha
- Imeachtaí Spórt/Turais Scoile
- Maoirseacht